# Sábháilteacht ar an bhfarraige

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shábháilteacht ar an bhfarraige. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre?

**Ceist 2** Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

| | |
|---|---|
| 1. feachtas | *a. gear/equipment* |
| 2. seaicéad tarrthála | *b. colleague* |
| 3. anuraidh bádh ceathrar | *c. according to research* |
| 4. a mheabhrú | *d. the fishing industry* |
| 5. fearas | *e. to the bottom (of the sea)* |
| 6. comhghleacaí | *f. to remind* |
| 7. tionscal na hiascaireachta | *g. campaign* |
| 8. is contúirtí | *h. life jacket* |
| 9. go tóin poill | *i. 4 were drowned last year* |
| 10. de réir taighde | *j. the most dangerous* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

**Ceist 3 (A)** Féach ar an tuairisc den dara huair agus breac síos aon eolas a thugann tú leat faoi na figiúirí seo:

| **53 iascaire** | **36% d'iascairí** | **leath d'iascairí na tíre** | **cúig huaire déag** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**Ceist 3 (B)** Féach ar an tuairisc den tríú huair agus breac síos aon eolas eile a thugann tú leat faoi na daoine/na dreamanna seo:

| **Bord Iascaigh Mhara** | **David Massey & Gerry Copeland** |
|---|---|
| | |

**Ceist 4** '…na seaicéid a chur *orthu* agus iad a choinneáil *orthu* a fhad is atá siad amuigh.

Is é an 3ú pearsa iolra den fhorainm réamhfhoclach 'ar' é an focal 'orthu'. Líon na bearnaí sa bhosca chun gach pearsa de na forainmneacha réamhfhoclacha thíos a léiriú.

| | 1ú uatha | 2ú uatha | 3ú uatha (fir.) | 3ú uatha (bn.) | 1ú iolra | 2ú iolra | 3ú iolra |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ar | | | | | | | |
| ag | | | | | | | |
| de | | | | | | | |
| do | | | | | | | |

**Ceist 5** Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

- cuir ina luí ar dhuine
- Is fánach
- i ndán do dhuine
- i mbun
- slí bheatha

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbíonn aon bhaint agat féin nó ag do theaghlach leis an bhfarraige?
2. Cén fáth nach gcaitheann leath na n-iascairí sa tír seaicéid tarrthála, dar leat?
3. Conas a chuideodh córas suite domhanda le duine dá dtitfeadh sé isteach san fharraige?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

**Ceist 2**

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | h | i | f | a | b | d | j | e | c |

**Ceist 3 (A) agus (B)**

Féach an script.

**Ceist 4**

| | 1ú uatha | 2ú uatha | 3ú uatha (fir.) | 3ú uatha (bn.) | 1ú iolra | 2ú iolra | 3ú iolra |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ar | orm | ort | air | uirthi | orainn | oraibh | orthu |
| ag | agam | agat | aige | aice | againn | agaibh | acu |
| de | díom | díot | de | di | dínn | díbh | díobh |
| do | dom | duit | dó | di | dúinn | daoibh | dóibh |

**Ceist 5**

cuir ina luí ar dhuine – *to impress something on someone*
Is fánach – it's random/ haphazard
i ndán do dhuine – *destined for someone*
i mbun – *attending to*
slí bheatha – *occupation*

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Eibhlín Ní Choistealbha**
Sheol Bord Iascaigh Mhara feachtas nua inniu, in iarracht cur ina luí ar iascairí seaicéad tarrthála a chaitheamh ar an bhfarraige. Bádh 53 iascaire as an dtír[1] seo le deich mbliana anuas.

**Máire Treasa Ní Cheallaigh**
Is fánach an chaoi a dtarlaíonn timpiste i bhfarraige agus mura bhfuil seaicéad tarrthála á chaitheamh ag duine, d'fhéadfadh sé go mbeadh drochghortuithe nó an bás i ndán dóibh. Anuraidh bádh ceathrar. Inniu, sheol Bord Iascaigh Mhara feachtas nua náisiúnta chun a mheabhrú d'iascairí na seaicéid a chur orthu agus iad a choinneáil orthu a fhad is atá siad amuigh. Tá fearas GPS sa seaicéad seo agus má bhuaileann sé an t-uisce cuireann sé scéala go bhfuil iascaire i dtrioblóid. De réir figiúirí de chuid Bhord Iascaigh Mhara, bádh comhghleacaí de thart ar 36% d'iascairí na tíre. Ach, tar éis an méid sin tá thart ar leath de na hiascairí sin fós nach gcaitheann seaicéad tarrthála.

**Séamus Breathnach**
Bíonn iascairí ag coimhlint le drochaimsir agus le drochfharraige i mbun a gcuid oibre. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go gcaithfidís na seaicéid tarrthála atá ar fáil faoi láthair. Tá sé cruthaithe gurb é tionscal na hiascaireachta ceann de na tionscail is contúirtí le bheith ag déanamh do shlí bheatha as. Tá sé cúig huaire déag níos contúirtí ná tionscal na tógála.

**Máire Treasa Ní Cheallaigh**
Chuaigh bád David Massey agus Gerry Copeland[2] go tóin poill amach ó chósta Chill Mhantáin anuraidh. Murach na seaicéid tarrthála, dúirt siad nach mbeidís beo inniu. Tá thart ar trí mhíle go leith iascaire sa tír seo agus de réir taighde, ní chaitheann a leath acu seaicéad tarrthála. Tá súil ag Bord Iascaigh Mhara go dtiocfaidh athrú air seo go beo.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4

[1] Córas na Mumhan
[2] *Gerry Comerford* a deirtear